C/2025/5259

29.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12040 — SAMSUNG ELECTRONICS / FLÄKTGROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5259)

1. An 19 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Samsung Electronics Europe Holding Coöperatief U.A. (an Ísiltír), faoi rialú Samsung Electronics Co., Ltd. ('Samsung Electronics', an Chóiré Theas)

— FläktGroup Holding GmbH, faoi rialú Fusilli AcquiCo S.à r.l. (agus faoi rialú deiridh Triton Fund IV) ('FläktGroup', an Ghearmáin)

Gheobhaidh Samsung Electronics rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar FläktGroup ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir gaireas leictreonaice tomhaltóra, teicneolaíochta faisnéise agus córas cumarsáide móibílí, réiteach gairis, painéal OLED, *inter alia*, le haghaidh fóin chliste, chomh maith le táirgí mótarfheithicle é Samsung Electronics.

— Forbraíonn, monaraíonn agus margaíonn FläktGroup réitigh teicneolaíochta aeir lena soláthraítear compord aeir laistigh agus sábháilteacht dóiteáin le haghaidh raon leathan feidhmeanna, le haghaidh úsáid neamhchónaithe go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12040 — SAMSUNG ELECTRONICS / FLÄKTGROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË